Bain Súp As! – Nótaí

Is féidir Adobe Reader a úsáid chun féachaint ar Bain Súp As! Is léitheoir pdf é Adobe Reader agus tá sé saor in aisce le híoslódáil. Is féidir leat leaganacha P.C. nó Mac a íoslódáil ón nasc thíos.

http://get.adobe.com/reader/otherversions/

Má tá bogearraí eile ar do ríomhaire a léann pdfanna, seans nach dtaispeánfaidh siad na comhaid atá san áis seo i gceart; mar sin de, is fearr úsáid a bhaint as Adobe Reader.

I roinnt de na comhaid in Bain Súp As!, tá comhaid físe nó grafaicí Flash in úsáid iontu. Tá na comhaid seo níos mó agus tógfaidh siad níos mó ama le híoslódáil. Úsáidtear Flash Player chun féachaint ar na comhaid seo; mura bhfuil sé suiteáilte ar do chóras agat cheana féin, taispeánfar leid ar an scáileán ag léiriú nach bhfuil Flash Player agat agus gur gá é a íoslódáil. Lean na treoracha chun leagan P.C. nó Mac de Flash Player a íoslódáil, saor in aisce.

Is fearr féachaint ar na comhaid agus tú ag baint úsáide as an diosca a tháinig leis an leabhar.

Mura n-oibríonn an diosca chomh tapa agus ba chóir dó, seans go bhfuil tú:

– ag baint úsáide as seanleagan d'Adobe Reader; is gá an leagan is déanaí a úsáid chun na torthaí is fearr a fháil.

– ag féachaint ar an diosca ag baint úsáide as seanríomhaire, agus má tá, athróidh na sleamhnáin níos moille ar an scáileán.

Conas féachaint ar na sleamhnáin

Ba chóir duit an comhad 'Innéacs' a oscailt. Ar leathanaigh a dó

agus a trí, tá liosta ann de na haonaid atá ar an diosca agus is féidir leat aon aonad díobh sin a oscailt má chliceálann tú ar theideal an aonaid. Nuair is mian leat aonad a fhágáil, níl le déanamh agat ach cliceáil ar an gcnaipe 'Innéacs" atá ag bun an leathanaigh sa chúinne clé. Má dhéanann tú sin, rachaidh tú ar ais chuig liosta na n-aonad agus is féidir leat aonad eile a roghnú.

Sna haonaid uile, tá trí chnaipe ann ag bun an leathanaigh agus is féidir leat iad a úsáid le bogadh tríd an aonad (is féidir leat na heochracha 'Leathanach suas' nó 'Leathanach síos' ar d'eochairchlár a úsáid freisin). Feicfidh tú saighead ar dhá chnaipe, agus má bhrúnn tú ar na cnaipí sin, bogfaidh tú siar nó chun tosaigh san aonad. Má bhrúnn tú ar an gcnaipe cruinn, atá idir na saigheada, bogfaidh tú ar ais chuig an gcéad leathanach san aonad ina bhfuil tú ag an nóiméad sin.

Beidh sleamhnáin an diosca ar fáil freisin ar www.cogg.ie amach anseo.

Cártaí le cur i gcló le haghaidh cluichí
In Aonad 21 ar leathanaigh 44 – 48, tá cártaí ann is féidir leat a chur i gcló. Tá taifeach na leathanach seo níos airde ionas go mbeidh caighdeán maith ar na cártaí más mian leat iad a chur i gcló le haghaidh na ndaltaí.